3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe; mainneachtain an dualgas cruthúnais a urscaoileadh; sárú ar na critéir maidir le liostú a leagtar amach in Airteagail 1 (1)(a) agus 2 (1)(a) de Chinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3 (1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014, araon a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear eisceacht na neamhdhleathachta; sárú ar phrionsabal na comhréireachta de réir na gcritéar liostaithe a leagtar amach in Airteagal 1(1)(g) agus 2(1)(g) de Chinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear eisceacht na neamhdhleathachta; sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla leis na critéir liostaithe a leagtar amach in Airteagal 1(1) (g) agus 2(1) (g) de Chinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe; mainneachtain an dualgas cruthúnais a urscaoileadh; sárú ar na critéir maidir le liostú a leagtar amach in Airteagal 1(1)(g) agus 2(1)(g) de Chinneadh (CBES) 2014/14 ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3(1)(d), (g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014, araon a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal na comhréireachta agus cearta bunúsacha an iarratasóra; sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra chun maoine agus saoirse chun gnó a dhéanamh agus sárú ar Airteagal 16 agus Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

---

(1) IO 2022, L 239, lch. 149.
(2) IO 2022, L 239, lch. 1.
(3) IO 2014, L 78, lch. 16.

---

**Caingean arna tabhairt an 25 Samhain 2022 – Tokareva v an Chomhairle**

**(Cás T-744/22)**

(2023/C 24/102)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Maya Tokareva (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: T. Bontinck, A. Guillerme agus L. Burguin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 [1], arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 15 Meán Fómhair 2022, a neamhniú, a mhéid a dhéanann sé Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 infheidhme go dtí an 15 Márta 2023 (arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena n-áirítear ainm an iarratasóra faoi Uimh. 1201 den iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 an 14 Meán Fómhair 2022 [2] a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an iarratasóir faoi Uimh. 1201 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2014/269;

— A ordú don Chomhairle suim EUR 1 000 000 a íoc go sealadach i ndáil leis an damáiste neamhábhartha a rinneadh don iarratasóir, agus

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí atá, go bunúsach, mar an gcéanna nó cosúil leis na cinn a bhí á n-agairt sa chás T-734/22, *Pumpyanskiy* v *an Chomhairle*.

(1) Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022, lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 239, lch. 149).

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 239, lch. 1).

## Caingean arna taisceadh an 28 Samhain 2022 – DGNB v EUIPO (léiriú de líne bhán chuarach i gcearnóg dhorcha)

**(Cás T-745/22)**

(2023/C 24/103)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Deutsche Gesellschaft für Nachhaltiges Bauen – DGNB eV (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaí: P. Kohl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh (léiriú de líne bhán chuarach i gcearnóg dhorcha) – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 510 732

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de chuid EUIPO an 21 Meán Fómhair 2022 i gCás R 338/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear na costais a tabhaíodh sna himeachtaí achomhairc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.